# Daonáireamh 2006 — Rang a hAon agus a Dó

Ceacht a hAon ~ Daonáireamh Ranga

## Téama
Daonáireamh Ranga

## Cuspóirí
Go gcuirfear ar chumas an pháiste:
- An méid rudaí atá i sraith a chomhaireamh
- Sórtáil agus rangú a dhéanamh de réir dhá chritéir (i láthair/as láthair) agus na sraitheanna comhthorthacha a chur i gcomparáid agus a phlé
- Tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le comhaireamh le súil a choinneáil ar rudaí agus ar dhaoine
- Fíorshonraí a léiriú agus a thuiscint i rónna agus i gcolúin ag baint úsáide as rudaí nithiúla, modúil agus pictiúir

## Tascanna
- Plé ar an Rolla – babhta tobsmaointe
- Sórtáil agus rangú a dhéanamh de réir i láthair/as láthair ag baint úsáide as ábhair agus déan na torthaí a phlé
    - Gníomhaíocht 1 –Fonsaí Sórtála
    - Gníomhaíocht 2 – Picteagraim

**Teastaíonn**
- Ciúbanna éagsúla nó naisc fhoghlama
- Lipéad mór do gach páiste lena (h)ainm air
- Lipéidí Bána / Marcóir
- Dhá mhata CO nó fonsaí hula
- Cárta go mbeidh na páistí in ann pictiúir dóibh féin a tharraingt nó cárta le grianghraif de na páistí air
- Cóip den phatrún don Phicteagram Acmhainne J 1.1

**Naisc Bhaile / Scoile**
Mar obair bhaile is féidir leis na páistí a dtuismitheoirí / a gcaomhnóirí a cheistiú maidir leis an úsáid a bhaineann siad as comhaireamh ina saol laethúil, ag an obair, sa bhaile agus is féidir leo pictiúir a tharraingt le tabhairt chun na scoile le plé a dhéanamh orthu.

## Príomhtheachtaireachtaí
- Tá comhaireamh tábhachtach sa saol
- Tugann comhaireamh  agus taifid cúnamh dúinn a bheith eagraithe agus le pleananna a dhéanamh don todhchaí
- Is féidir Picteagraim agus barrachairteacha a úsáid le heolas a léiriú ar bhealach atá simplí le tuiscint

## Comhtháthú agus Nascáil
### Nascáil sa mhatamaitic:
Uimhir – Comhaireamh agus uimhriú, comparáid agus ordú
Sonraí – Sonraí a chur in iúl agus a mhíniú

### Foclóir
*Rolla, i láthair/as láthair, comhaireamh, sórtáil, ró, colún, graif (picteagram, barrachairt), Foclóir a bhaineann le comparáidí: níos airde/níos ísle, níos mó/níos lú, is mó/is lú &rl.*

## Measúnú
Beidh na páistí in ann
- insint ós ard cén fáth go bhfuil an Rolla riachtanach mar chuid de shaol na scoile agus cén fáth go bhfuil sé tábhachtach eolas a bhailiú agus a thaifead.
- a rang féin a shórtáil agus a rangú (agus/nó ranganna eile) de réir i láthair/as láthair ag baint úsáide as ábhair nithiúla agus na torthaí a phlé (i bhfad níos mó páistí i láthair ná as láthair, níos mó páistí as láthair ar an Máirt…)
- na sonraí a bhailítear a chur in iúl ar Phicteagram Ranga agus an tuiscint atá acu ar na torthaí a léiriú tríd na torthaí a léamh agus a mhíniú.

## Pointí airde don mhúinteoir
Déan nóta i leabhar nótaí d'aon eachtraí tábhachtacha a thugann tú faoi deara, mar shampla páiste a bhfuil deacracht aige/aici leis an gcomhaireamh ar gcúl, tús nó críoch difriúil nó aon pháiste a dhéanann na ceachtanna seo gan aon stró.

# Nótaí an Mhúinteora – Ceacht a 1

## Tús béil/intinne

Déan na scileanna comhairimh a chleachtadh le comhaireamh rithime, bualadh bos / comhaireamh buailte … Comhaireann na páistí chun tosaigh, ar gcúl, ó phointí éagsúla túis go pointí éagsúla stoptha mar shampla, ag comhaireamh chun tosaigh ó 12 go 21; ag comhaireamh ar gcúl ó 28 go 16…

*Caint agus Díospóireacht -An Rolla*

**Céard a dhéanaim (an múinteoir) leis an Rolla gach lá?**
*(Glaoigh amach ainmneacha, cuir tic le gach ceann, faigh iomlán na bpáistí i láthair agus cuir an figiúr chuig an oifig…)*

**Cén fáth a gceapann tú go gcaithfidh mé é sin a dhéanamh?**
*Ar chúiseanna sábháilteachta, le cúnamh a thabhairt pleananna a dhéanamh – an méid fotachóipeanna de bhileoga oibre, cartúin bhainne, leabhair a theastaíonn don lá a dhéanamh amach…*

**An féidir libh cuimhniú ar aon bhealaí eile go bhféadfadh muid súil a choinneáil ar na páistí sa rang ag baint úsáide as comhaireamh?**
Déan liosta ar an gclár dubh de na moltaí a bhíonn ag na páistí, mar shampla *seas sa líne agus comhairigh; comhairigh gach ró páistí; comhairigh an grúpa páistí atá suite ag gach bord agus déan an t-iomlán a áireamh, tógann gach páiste cipín ó shraith iomlán ranga agus is ionann na cipíní atá fágtha agus na páistí atá as láthair…* Breathnaigh ar chuid de na modhanna atá molta ag na páistí agus déan plé ar cé acu modh is praiticiúla nó is éifeachtaí le heolas a bhailiú.
*Cén fáth a dteastaíonn uainn rudaí nó daoine a chomhaireamh?*
*Céard a tharlódh muna mbeadh aon uimhreacha againn – an mbeadh muid fós in ann déanamh amach cé mhéid cartúin bhainne atá ag teastáil? …*

**Cén t-eolas eile a cheapann tú atá coinnithe ar an Rolla?**
Déan liosta de na moltaí agus déan comparáid leis an Rolla féin.

**Cé uaidh atá an t-eolas seo ag teastáil agus cén fáth?**
Spreag na páistí le liosta fáthanna a chur le chéile maidir le heolas a bhailiú agus déan nótaí ar an gclár dubh *(ar mhaithe leis na páistí sa scoil a chlárú; le sonraí teagmhála a chur ar fáil; le páistí a chur isteach sa rang ceart; le cuntas a choinneáil ar an méid laethanta a fhreastalaíonn páiste ar an scoil gach scoilbhliain…)*

## Gníomhaíocht don rang iomlán

Úsáid ábhair nithiúla mar bhata scóir nuair atá na páistí sa rang á chomhaireamh. Mar shampla, tabhair ciúb/nasc foghlama do gach páiste agus, nuair a dhéantar gach páiste a chomhaireamh, cuir an ciúb/nasc ar thúr ciúbanna/slabhra na nasc leanúna. Déan túr eile freisin do na páistí atá as láthair.
**Is féidir é seo a dhéanamh i ngrúpaí agus ansin na ciúbanna/naisc a chur le chéile le taifead radharcach den rang iomlán a sholáthar.**

- Cuir na túir/slabhraí i gcomparáid agus déan sraith na bpáistí i láthair sa scoil a mheaitseáil leis an gcárta ceart uimhriúil / digite, mar shampla

24 páistí ar scoil inniu

- Déan plé ar na bealaí go bhféadfadh muid an t-eolas seo a thaispeáint ag baint úsáide as foclóir na ngraf (ró, colún)
- Cuir na sonraí atá bailithe le chéile i bhfonsaí sórtála nó mar phicteagram.


## Seisiún leis an rang ar fad

Tagann na páistí le chéile chun:

- Plé a dhéanamh ar na rudaí a fuaireadar amach ina gcuid grúpaí – líon na bpáistí as láthair/i láthair, níos mó páistí as láthair/i láthair i ngrúpa amháin ná i ngrúpa eile agus mar sin de. Tá ceathrar as cúigear i láthair inniu i nGrúpa 1 – cé mhéid páistí atá as láthair?
- Plé a dhéanamh ar na fonsaí sórtála nó picteagram agus labhair faoi cé acu is fearr leis an eolas a léiriú. Céard a insíonn an graf dúinn? An féidir feiceáil le breathnú tapaidh amháin an bhfuil i bhfad níos mó páistí as láthair? Céard faoi uimhreacha a úsáid go díreach?



## *Gníomhaíocht 1 – fonsaí sórtála a úsáid*

- Téigh chuig spás oscailte – an Halla nó an clós mar shampla, tabhair cártaí/lipéidí ainm do na páistí. Ag baint úsáide as dhá mhata nó fonsaí hula cuir ainmneacha na bpáistí atá i láthair i máta/fonsa amháin agus ansin iarr ar na páistí moltaí a dhéanamh cén chaoi ab fhearr leis na páistí nach bhfuil i láthair inniu a léiriú.
- Déan na torthaí a phlé




## *Gníomhaíocht 2 - Picteagraim*

- Is féidir na sonraí atá bailithe do Ghníomhaíocht a 2 a chur in iúl freisin i bhfoirm phicteagraim. Bileog acmhainne J 1.1
- Is féidir an picteagram a chruthú ar chlár maighnéadach nó ar chlár bán ag baint úsáide as grianghraif de na páistí nó as cártaí simplí pictiúir a tharraing na páistí iad féin.

Is féidir ansin leis an múinteoir ceisteanna a chur ar an rang le go ndéanfar comparáid idir na sraitheanna seo:

- Cé acu túr is airde? Cé acu túr is lú? Cé acu sraith a bhfuil an líon is mó ann? Cé acu sraith a bhfuil an líon is lú ann? An bhfuil níos mó páistí i láthair nó as láthair? Cé mhéid páistí atá ar scoil? Cé mhéid páistí atá sa bhaile? Cé mhéid níos mó páistí atá ar scoil ná sa bhaile? Céard í an difríocht idir na sraitheanna? Cé mhéid páistí ar fad atá ann?

### *Obair bhreise*

- Bailigh sonraí thar cúpla lá agus cuir na torthaí i gcomparáid lena chéile
- Cruthaigh graf/picteagram seachainiúil
- Bailigh sonraí ó na ranganna eile taobh istigh den scoil agus faigh amach cé mhéid páistí a bhí as láthair ar lá amháin (nó thar seachtain)

## *Naisc Bhaile/scoile*

Má tá an picteagram déanta ag na páistí ar bhileog nó ina gcóipleabhair is feidir leo é a thabhairt abhaile le plé a dhéanamh lena dtuismitheoirí maidir leis an méid a rinneadar inniu sa mhatamaitic.

Cén úsáid a bhaineann do thuismitheoirí/caomhnóirí as comhaireamh ina saol laethúil? Tarraing cúig phictiúr de na bealaí a bhaineann duine i do theach úsáid as comhaireamh ag an obair, i rith an lae….

J 1.1

# Picteagram

| | |
|---|---|
| | |
| Ar Scoil | Nach bhfuil ar scoil |
| I láthair | As láthair |